2025/108

23.1.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/108 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Eanáir 2025

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2666 a mhéid a bhaineann leis na sonraí a aithnítear a bheith cruinn chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a thomhas a bhaineann le saothrú amhábhair talmhaíochta sa Ghearmáin ar ithreacha orgánacha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn ([1]), agus go háirithe Airteagal 31(4) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2666 ([2]), d'aithin an Coimisiún go raibh sonraí cruinne sa tuarascáil a chuir an Ghearmáin faoina bhráid chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a thomhas a bhaineann le saothrú cruithneachta, seagail, arbhair Indiaigh, eorna, triteacáil, biatais siúcra, síl ráibe, féir páirce agus scothán féarthalaimh a tháirgtear de ghnáth i réigiúin NUTS 2 sa Ghearmáin ar ithreacha mianracha.

(2) Rinne an Coimisiún measúnú freisin ar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le saothrú na mbarr sin a tháirgtear sa Ghearmáin ar ithreacha orgánacha agus chinn sé go raibh siad cruinn. Fágadh na luachanna astaíochtaí gaolmhara ar lár go hearráideach ón Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2666 agus ba cheart iad a áireamh san Iarscríbhinn sin. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2666 a leasú dá réir.

(3) Ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ó dháta chur i bhfeidhm Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2666. Déantar é sin chun a áirithiú go mbeidh na ríomhanna le haghaidh ithreacha orgánacha bailí cheana féin ón 4 Samhain 2024 agus go nglacfar cur chuige comhleanúnach maidir leis na barra céanna a fhástar ar dhá chineál éagsúla ithreacha.

(4) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, tá siad i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Inbhuanaitheacht Bithbhreoslaí, Bithleachtanna agus Breoslaí Bithmhaise.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2666 ón gCoimisiún mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

([1]) IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2666 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2024 lena n-aithnítear faoi Airteagal 31(2) agus (4) de Threoir (AE) 2018/2001 go bhfuil sonraí cruinne sa tuarascáil chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a thomhas a bhaineann le saothrú cruithneachta, seagail, arbhair Indiaigh, eorna, triteacáil, biatais siúcra, síl ráibe, féir páirce agus scothán féarthalaimh sa Ghearmáin (OJ L, 2024/2666, 15.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2666/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 4 Samhain 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an Tábla 12 agus an Tábla 13 seo a leanas san Iarscríbhinn a ghabhann le **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2666**:

'Tábla 12

Iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a eascraíonn as saothrú cruithneachta (gráin), seagail (gráin), arbhair Indiaigh (gráin), eorna (gráin), triteacáil (gráin) agus biatais siúcra sa Ghearmáin ar ithreacha orgánacha (kg CO_{2-eq}/ tona earra bhuainte ar bhonn ábhar tirim)

Réigiún NUTS 2 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003, arna leasú go deireanach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/674		Cruith-neacht (gráin)	Seagal (gráin)	Arbhar Indiach (gráin)	Eorna (gráin)	Triteacál (gráin)	Biatas siúcra
DE F0	Schleswig-Holstein	811	960	720	802	922	318
DE 60	Hamburg	942	1 264	720	957	1 130	349
DE 91	Braunschweig	870	1 077	755	851	1 066	335
DE 92	Hannover	855	1 094	768	903	1 090	319
DE 93	Lüneburg	971	1 122	766	1 019	1 148	343
DE 94	Weser-Ems	896	1 036	745	984	1 063	333
DE 50	Bremen	940	1 263	709	950	1 126	341
DE A3	Münster	910	1 029	707	972	1 073	356
DE A4	Detmold	899	990	708	931	1 050	334
DE 71	Darmstadt	971	1 122	760	1 025	1 050	352
DE 14	Tübingen	961	1 260	720	965	978	342
DE 21	Oberbayern	934	1 065	692	950	1 124	311
DE 22	Niederbayern	919	1 189	699	930	1 083	294
DE 24	Oberfranken	1 225	1 412	695	1 245	1 287	412
DE 27	Schwaben	898	1 208	690	901	969	297
DE 40	Brandenburg	1 146	1 625	910	1 136	1 597	413
DE 80	Mecklenburg-Vorpommern	920	1 238	902	904	1 389	340

Tábla 13

Iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a eascraíonn as saothrú síl ráibe, arbhair Indiaigh (planda iomlán), cruithneachta (planda iomlán), féir páirce agus scotháin féarthalaimh sa Ghearmáin ar ithreacha orgánacha (kg CO_2-eq/tona earra bhuainte ar bhonn ábhar tirim)

Réigiún NUTS 2 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003, arna leasú go deireanach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/674		Síol ráibe	Arbhar Indiach (planda iomlán)	Cruithneacht (planda iomlán)	Féar páirce	Scotháin féarthalaimh
DE F0	Schleswig-Holstein	1 669	401	524	669	651
DE 60	Hamburg	1 796	428	661	831	829
DE 91	Braunschweig	1 765	375	553	720	723

Réigiún NUTS 2 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003, arna leasú go deireanach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/674		Síol ráibe	Arbhar Indiach (planda iomlán)	Cruithneacht (planda iomlán)	Féar páirce	Scotháin féarthalaimh
DE 92	Hannover	1 705	398	554	724	721
DE 93	Lüneburg	1 844	409	553	721	699
DE 94	Weser-Ems	1 605	389	537	703	679
DE 50	Bremen	1 774	411	645	807	776
DE A3	Münster	1 692	420	670	998	963
DE A4	Detmold	1 711	405	678	996	963
DE 71	Darmstadt	1 740	401	641	1 017	1 002
DE 14	Tübingen	1 701	398	630	937	917
DE 21	Oberbayern	1 688	343	697	743	736
DE 22	Niederbayern	1 713	365	697	753	735
DE 24	Oberfranken	2 120	429	709	751	760
DE 27	Schwaben	1 607	360	689	745	719
DE 40	Brandenburg	2 104	607	983	1 270	1 241
DE 80	Mecklenburg-Vorpommern	1 733	487	645	1 267	1 249’